

Iománaíocht i gCois Fharraige

– *Bliain stairiúil ag Cumann Mícheál Breathnach*

Tomás Ó Ceallaigh

Bliain stairiúil a bhí in 2011 do Choiste Iomána Chumann Mícheál Breathnach. Ba é buaicphointe na bliana gan amhras ar bith an cluiche a imríodh ar an 5 Samhain i mBaile an Doirín nuair a bhuaigh an fhoireann Sóisear B Craobh an Chontae gur cháiligh don ghrád Sóisear A den chéad uair, céim mhór eile sa dul chun cinn atá déanta ag an bhfoireann ó bhíodar sa ghrád Sóisear C Speisialta in 2004. As sin go Sóisear C, ansin go Sóisear B in 2007, agus anois beidh siad ag imirt sa Chraobhchomórtas Sóisear A in 2012.

Níor chaill an fhoireann seo cluiche ar bith – sraithe ná craoibhe – in 2011. Bhain siad barr an tábla ina ngrúpa sa chraobhchomórtas agus áit sna babhtaí ceathrú ceannais amach le buanna ar an gCaisleán Gearr, Ard Rathain, Cill Chon Iarainn agus Creachmhaoil; chríochnaigh a gcluiche grúpa le Naomh Tomás ar comhscór. Bhuaigh siad ar na Sáirséalaigh 0-10 in aghaidh 0-4 sa chluiche ceathrú ceannais i mBaile Átha'n Rí. Bhí bua iontach ag na Breathnaigh ar Thíneacha/Mainistir/Dún Daighre sa chluiche leathcheannais. Bhí tús lag ag na Breathnaigh sa chluiche sin a imríodh i mBéal Átha na Sluaighe. Bhí siad 1-3 go 0-1 taobh thiar tar éis 8 nóiméad, ach ansin léirigh siad an croí agus na scileanna a d'fhág do-chloíte iad i gcaitheamh na bliana. Tháinig siad ar ais de réir a chéile go dtí go raibh an dá fhoireann ar comhscór, 1-7 araon

ag leath-am. Chuir na Breathnaigh a gcloigne chun cinn sa dara leath agus fuair siad an lámh in uachtar ar a gcéilí comhraic sa deireadh le 2-13 in aghaidh 1-10.

Bhí an lucht tacaíochta ag méadú de réir mar a bhí an fhoireann ag dul ar aghaidh agus bhí an slua ba mhó fós cruinnithe le tacú leo sa chluiche ceannais in aghaidh Naomh Tomás i mBaile an Doirín. Agus nach acu a bheadh an t-ábhar ceiliúrtha roimh dheireadh an lae! Cé gur scóráil na Breathnaigh cúl go luath sa chluiche nuair a tharraing Fiach Ó Béarra ar liathróid a tháinig isteach ó bhuille saor le Seán Ó Finneadha, is ag Naomh Tomás a bhí an lámh in uachtar sa chuid eile den chéad leath agus bhíodar sé phointe chun tosaigh, 1-11 go 1-5, ag leath-am. Ach bhí teacht aniar i bhfoireann seo na Gaeltachta agus ní raibh fonn ar bith orthu géilleadh. Chuir siad cath fíochmhar suas sa dara

leath. Bhí an dá fhoireann ar comhscór, 1-14 in aghaidh 1-14, agus 59 nóiméad caite nuair a fuair na Breathnaigh buille saor 40 méadar amach ó chúl Naomh Tomás. Ba é Seán Ó Finneadha a thóg agus, faoi mar a rinne sé naoi n-uaire roimhe sin sa chluiche, sheol sé an sliotar go cruinn agus go hard thar an trasnán agus bhí an bua ag Mícheál Breathnach le haon phointe amháin, 1-15 in aghaidh 1-14.

Bhí foireann Sóisear C ag na Breathnaigh freisin in 2011, an chéad bhliain a raibh dhá fhoireann iomána fásta ag an gCumann, ócáid stairiúil eile! Bhí rith maith ag an bhfoireann Sóisear C sna cluichí grúpa, ach tháinig deireadh leis an rith sin in aghaidh an Chairn Mhóir i gcluiche ceathrú ceannais.

Bhí bliain mhaith ag na Mionúir freisin; cháiligh siad as a ngrúpa ach níor éirigh leo sa bhabhta ceathrú ceannais le Cumann Pádhraic Mac Piarais.